RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1328 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Lúnasa 2021

lena sonraítear na ceanglais bhonneagair is infheidhme maidir le catagóirí áirithe gníomhaíochtaí bonneagair dé-úsáide de bhun Rialachán (AE) Uimh. 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1316/2013 agus (AE) Uimh. 283/2014 ([1]) agus go háirithe Airteagal 12(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is ceann de chuspóirí sonracha na Saoráide um Chónascadh na hEorpa é codanna den ghréasán tras-Eorpach iompair a oiriúnú le haghaidh dé-úsáid an bhonneagair iompair i bhfianaise an tsoghluaisteacht shibhialta agus mhíleata a fheabhsú. Gníomhaíochtaí nó gníomhaíochtaí sonracha laistigh de ghníomhaíocht, lena dtacaítear le codanna nua nó le codanna atá ann cheana den ghréasán tras-Eorpach iompair atá oiriúnach d'iompar míleata chun an gréasán sin a oiriúnú do na ceanglais dé-úsáide bonneagair iompair, tá siad incháilithe le cúnamh airgeadais a fháil ón Aontas faoi [Rialachán Uimh. 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1316/2013 agus (AE) Uimh. 283/2014 faoi choinníollacha áirithe.

(2) Ba cheart na ceanglais bonneagair iompair is infheidhme maidir le catagóirí áirithe gníomhaíochtaí bonneagair dé-úsáide a shonrú. Ba cheart do na ceanglais dé-úsáide bonneagair iompair a bheith bunaithe ar an bhfaisnéis atá sna riachtanais mhíleata nuashonraithe ([2]) agus san anailís ar bhearnaí ([3]), agus ba cheart torthaí an chomhairliúcháin leis na hionadaithe ó chomhlachais iompair Eorpacha agus idirnáisiúnta a chur san áireamh.

(3) Na ceanglais dé-úsáide atá le cur san áireamh maidir leis na gníomhaíochtaí faoi Rialachán (AE) Uimh. 2021/1153, ba cheart iad a bheith ina léiriú ar luachanna agus caighdeáin theicniúla chineálacha le haghaidh tionscadail bonneagair iompair agus ina rannchuidiú maidir le hoiriúnú chroíghréasán TEN-T nó líonraí cuimsitheacha arb é is aidhm dóibh dé-úsáid an bhonneagair a éascú chun críoch sibhialta agus cosanta.

(4) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir le tuairim Choiste Comhordúcháin na Saoráide um Chónascadh na hEorpa, coiste arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 2021/1153.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad a bheidh na ceanglais bonneagair iompair dá bhforáiltear in Airteagal 12(2) de Rialachán 2021/1153.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 249, 14.7.2021, lch. 38.

([2]) Riachtanais Mhíleata maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata laistigh den Aontas Eorpach agus lasmuigh de (ST 11373/19; 19.7.2019)

([3]) 'Riachtanais mhíleata agus an gréasán tras-Eorpach iompair: anailís ar bhearnaí (SWD(2019) 175 final)' chomh maith leis an 'anailís nuashonraithe ar bhearnaí idir riachtanais mhíleata agus ceanglais an ghréasáin tras-Eorpaigh iompair' (SWD(2020) 144 final)

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Lúnasa 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Tábla 1

Aerfoirt agus bainistíocht aerthráchta

Uimh.	Ceanglas dé-úsáide	Luach dé-úsáide	Nóta
1	Tréimhsí Oibriúcháin	Tógáil nó leathnú an bhonneagair agus na nasc le hiompar ilmhódach agus trealamh lena n-éascaítear inniúlacht maidir le hoibríochtaí 24/7 agus oibríochtaí Lae/Oíche/Uile-Aimsire.	Áirítear naisc iarnróid agus naisc phíblíne i gcomhair breosla (a bhraitheann ar bhreosla a sheachadadh le haghaidh aerárthaí míleata agus sibhialta araon).
2	Oibríochtaí Bunáite 24/7	Acmhainneacht maidir le hoibríochtaí Lae/Oíche/Uile-Aimsire.	
3	Rialú Aerthráchta	Bonneagar Rialaithe Aerthráchta a bhfuil inniúlacht leordhóthanach aige chun oibríochtaí aerpháirce a bhainistiú de lá agus d'oíche.	Le tuiscint de réir Rialacháin ICAO agus AE chomh maith le Treoirlínte Eurocontrol CUMA.
4	Sócmhainní Aeir in aghaidh an lae	Toilleadh bonneagair láimhseála: Aerárthaí in aghaidh an lae: 6 cinn ar a laghad in aghaidh an lae. Aerárthaí Coirp Leathain lena nglactar: 4 spás páirceála chomhthráthacha ar a mhéid ar an naprún.	
5	Fad an Rúidbhealaigh	Íoscheanglas: 3 000 m. Inmholta: 3 500 m. Le cinneadh i ngach Ballstát ina bhféadfadh 2 800 m a bheith leordhóthanach mar fhad rúidbhealaigh.	Oiriúnach d'Iompar Straitéiseach na Catagóire Aerárthaigh chomh maith le haerárthaí A330/A400M/IL76/B747/An225/C5/C17.
6	Leithead an Rúidbhealaigh	Ó 45 m suas le 60 m. Le cinneadh ag na Ballstáit i gcás ina bhfuil gá le leithead 60 m.	Oiriúnach d'Iompar Straitéiseach na Catagóire Aerárthaigh chomh maith le haerárthaí A330/A400M/IL76/B747/An225/C5/C17.
7	Dromchla an Rúidbhealaigh	Is féidir leis a bheith de chineál docht nó solúbtha. Le cinneadh i ngach Ballstát inar cheart do na 150 m ag deireadh an rúidbhealaigh a bheith docht chun dul i ngleic le héifeachtaí shruth an scairdinnill.	
8	Bealach innlithe	Leithead: 22.5 m, is féidir leis a bheith de chineál docht nó solúbtha.	
9	Neart Phábháil an Rúidbhealaigh	Leordhóthanach le haghaidh Aerárthaí Coirp Leathain Straitéiseacha	Is féidir an ceanglas sin a sheachadadh i gcomhréir le rialacháin ICAO agus AE.
10	Naprún – Fad	190 m ar a laghad.	
11	Leithead an Naprúin	350 m ar a laghad.	

12	Inniúlacht an Naprúin	66 500 m².	
13	Pábháil an Naprúin Aicmiú Uimhir (PCN) ([1])	Bunaithe ar Uimhir Aicmithe Aerárthaigh (ACN) ([2]) a dhíorthaíonn ón gcineál foghráid.	Rátáil aonaid aonair atá in ACR lena gcuirtear in iúl an éifeacht choibhneasta a bhíonn ag aerárthach ar phábháil i gcás neart sonrach foghráid lena léirítear an tiús atá i bpábháil áirithe (arna thomhas lena PCR). Is féidir an ceanglas sin a sheachadadh i gcomhréir le rialacháin ICAO agus AE. Modheolaíocht nuashonraithe de chuid mhodheolaíocht na hUimhreach Aicmithe Aerárthaigh (ACN) agus na hUimhreach Aicmithe Pábhála (PCN) atá sa ghaol idir ACR/PCR. Amhail ó mhí na Samhna 2024, déanfar an mhodheolaíocht maidir le measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar an acmhainn seasaimh atá ag pábháil aerpháirce a shloinneadh mar ghaol idir an Rátáil Aicmithe Aerárthaigh agus an Rátáil Aicmithe Pábhála (ACR/PCR), seachas an gaol idir an Uimhir Aicmithe Aerárthaigh agus an Uimhir Aicmithe Pábhála (ACN/PCN). D'fhormheas an Painéal um Dhearadh agus Oibríochtaí Aerfort (ADOP) de chuid ICAO an modh agus is é an Córas nua Rátála Pábhála de chuid ICAO é ó bhí mí Iúil 2020 ann. Déanfar doiciméadacht náisiúnta agus sainiúlachtaí deartha a oiriúnú le linn idirthréimhse ó 2020 go 2024.
14	Trealamh Sneachta agus Oighir le haghaidh an Rúidbhealaigh agus táirgí Dí-Oighrithe	Limistéar iata stórála 180 m².	
15	Tarrtháil Dóiteáin de dheasca Tuairte (Catagóir)	Saoráid tógála Fráma Cruach nó Saoirseachta ar féidir léi feithiclí tarrthála tuairte agus dóiteáin araon a stóráil (200 m² ar a laghad le spás bá inmheánach 98 m²).	

([1]) Cuireadh an Rátáil Aicmithe Pábhála (PCR) in ionad mhodheolaíocht na hUimhreach Aicmithe Pábhála (PCN). Leanfaidh PCN de bheith bailí le linn na hidirthréimhse go dtí 2024.

([2]) Cuireadh an Rátáil Aicmithe Aerárthaigh (ACR) in ionad mhodheolaíocht na hUimhreach Aicmithe Aerárthaigh (ACN). Leanfaidh ACN de bheith bailí le linn na hidirthréimhse go dtí 2024.

Tábla 2

Calafoirt

Uimh.	Ceanglas dé-úsáide	Luach dé-úsáide	Nóta
1	Tréimhse oibriúcháin calafoirt	Tógáil nó leathnú an bhonneagair le haghaidh rochtain ar an ngréasán iompair ilmhódaigh, agus trealamh lena n-éascaítear oibríochtaí 24/7 uile-aimsire.	Áirítear cumas briste oighir agus trealamh chun sneachta a bhaint i gcalafort. Ní áirítear foirgnimh, saoráidí stórála agus stórais, craenacha, iompróirí, ná gléasanna eile chun lasta a bhogadh, ná sócmhainní soghluaiste amhail innill fhéinghluaiste. Ní thabharfar buntáiste roghnaitheach d'oibreoir ar leith ná do ghrúpa ar leith oibreoirí le gníomhaíochtaí agus beidh siad inrochtana ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.
2	Líon na mBeart	3.	Ní mór na bearta a bheith laistigh de chalafort mar a shainítear i sonraí geografacha na gceanglas míleata. Ní gá do na bearta a bheith in aice a chéile.
3	Bíoma	32 m.	Bealach isteach chuig calafort.
4	Doimhneacht chun glacadh le soitheach	12 m ar a laghad ag meánlag trá.	Bealach isteach chuig calafort.
5	Doimhneacht an chalafoirt	12 m ar a laghad, le 14 m inmholta chun glanspás doimhneachta 2 m a cheadú. Le cinneadh i ngach Ballstát ina bhféadfadh doimhneacht calafoirt 12 m a bheith leordhóthanach. D'fhéadfadh glanspás doimhneachta 1 m a bheith leordhóthanach i gcalafoirt gan éifeacht taoide.	Bealach isteach chuig calafort.
6	Fad an bhearta	310 m ar a laghad agus suas le 340 m in aghaidh an tsoithigh.	
7	Bíoma bearta calafoirt	32 m ar a laghad	Le haghaidh chatagóir na long mór/meánach atá i mbeart.
8	Cineál bearta calafoirt	Ba cheart freastal ar na cineálacha long seo a leanas: Báirse, lasta ginearálta, coimeádán, paisinéirí, Róró, tancaer.	
9	Doimhneacht an bhearta	12 m ar a laghad, le 14 m inmholta. Le cinneadh i ngach Ballstát ina mbeadh doimhneacht bearta 12 m leordhóthanach.	Ag teastáil le haghaidh chatagóir na long mór agus Róró an-mhór.
10	Acmhainneacht maidir le díluchtú	2 long go comhuaineach.	
11	Líon na rianta caocha/na gceann ráille	3.	Líon na gceann ráille atá ag teastáil.

Tábla 3

Iarnróid

Uimh.	Ceanglas dé-úsáide	Luach dé-úsáide	Nóta
1	Tréimhse oibriúcháin sheirbhís an chinn ráille	Tógáil nó leathnú an bhonneagair le haghaidh rochtain ar an ngréasán iompair ilmhódaigh, agus trealamh lena n-éascaítear oibríochtaí 24/7 uile-aimsire.	
2	Sócmhainní paisinéirí iarnróid	Bonneagar atá in ann cóistí paisinéirí iarnróid a láimhseáil (atá in ann paisinéirí a iompar), lena n-áirítear cóistí dhá urlár, chun 80 duine ar a laghad a luchtú ar gach ceann; líon íosta cóistí in aghaidh an lae: 6 phíosa.	
3	Stáisiúin traenach	Bonneagar ardáin atá in ann déileáil le 3-4 thraein (10 gcóiste dhá urlár nó a gcoibhéis) in aghaidh an stáisiúin in aghaidh an lae (5,000 duine in aghaidh an lae in aghaidh an stáisiúin).	
4	Oibríochtaí cinn ráille	Bonneagar atá in ann déileáil le 3 thraein lastais ar a laghad go comhuaineach i láithreacha críochfoirt.	Beidh trealamh a thaistealaíonn d'iarnród faoi réir pleanáil chúramach lasta agus turais chun a chomhlíontacht leis an leithead iarnróid, an bonneagar, na bealaí agus na tolláin atá ar fáil sna Ballstáit a áirithiú.
5	Infhaighteacht an chórais leictrithe	Buan le córas cúltaca gan beann ar an bhfoinse fuinnimh.	Baineann sé le córais chúltaca le haghaidh stáisiúin nó saoráidí láimhseála ilmhódaigh.
6	Dépholarúchán	Is féidir rochtain a fháil.	Baineann sé le córais sábháilteachta agus le ciorcaid riain chun traenacha a bhrath ar na rianta, chomh maith le hoibriú sa dá threo má cheadaíonn an ceann ráille rian amháin nó níos mó d'iarnród ilriain a oibriú, le haghaidh úsáid rialta nó éigeandála.
7	Infhaighteacht soilsiúcháin	Acmhainneacht 24/7 maidir le soilsiúchán i stáisiúin agus críochfoirt.	
8	Leithead rianta	1 435 mm. Foirfe le haghaidh gréasán iarnróid caighdeánach leanúnach pan-Eorpach agus an-inmhianaithe le haghaidh soghluaisteacht mhíleata. I gcásanna ina bhfuil tairbhe shoiléir ann don earnáil shibhialtach agus don earnáil mhíleata araon, is féidir glacadh le leithid iarnróid 1 520/1 524 mm agus 1 668 mm.	
9	Leithead luchtaithe	Caighdeán GC inmholta. Le cinneadh i ngach Ballstát inar leor leithead luchtaithe éagsúil a imchlúdaíonn P-400 agus atá i gcomhréir le STInna iarnróid.	Leithead luchtaithe le haghaidh coimeádáin mhóra. Luíonn GC le caighdeán UIC P-400.

10	Airde uasta lasta	4.5 m.	Tá an lamháil sábháilteachta san áireamh san fhigiúr sin.
11	Leithead uasta lasta	3.15 m faoi ghnáthchúinsí. Suas le 3.75 m i gcásanna eisceachtúla, i gcás ina bhfuil sochar sibhialtach soiléir agus ina n-urramaítear STInna.	Bheadh leithead suas le 4.5 m inmhianaithe le haghaidh gluaiseacht mhíleata.
12	Fad uasta lasta	18.75 m.	
13	Ualach ar acastóir iarnróid i dtonaí	22.5 t/acastóir ar a laghad ar chroíghréasán TEN-T; 25 t/acastóir inmholta.	22.5 t/acastóir ar a laghad atá sa cheanglas maidir le hualach ar acastóir le haghaidh chroíghréasán iarnróid TEN-T lena n-áirítear droichid. Tá sé suntasach go bhféadfadh uasghráduithe ar an ualach ar acastóir go dtí 25 t/acastóir ar a laghad a bheith tairbhiúil le haghaidh gluaiseachtaí sibhialtacha agus míleata. Tá an ghluaiseacht mhíleata atá ann faoi láthair ag teorainn an ollmheáchain atá ann faoi láthair.
14	Fad uasta traenach	740 m ar a laghad.	De réir Rialachán (AE) 1315/2013 ([1]), ní mór an inniúlacht a bheith in ann traenacha 740 m ar a laghad ar fhad a oibriú. Athraíonn fad traenach a bhíonn ag gluaiseacht (e.g. nuair a bhíonn sí ag coscánú nó ag luasghéarú). Dá bhrí sin, tagann an ceanglas dé-úsáide leis an gceanglas míleata.
15	Rianta taobhlaigh	3 cinn ar a laghad, gach ceann acu ≥ 300 m ar a laghad.	Is féidir leo a bheith i gcomharsanacht na láithreacha críochfoirt nó laistigh díobh.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1).

Tábla 4

Bóithre

Uimh.	Ceanglas dé-úsáide	Luach dé-úsáide	Nóta
1	Aicmiú bóithre	Lána aonair: 3.5 m – 5.5 m Sreabhadh aonair 5.5 m – 7.3 m Sreabhadh dúbailte ≥ 7.3 m.	Sreabhadh aonair – scoitheann feithiclí aonair nó gluaiseann siad sa treo contrártha ag pointí/limistéir shocraithe. Sreabhadh dúbailte – gluaiseann 2 cholún feithiclí i gcomhthráth agus ar 2 lána ar a laghad (gan iad a bheith níos cúinge ná 8.2 m go hidéalach). Ní áirítear tionscadail a bhaineann le guaillí crua a úsáid mar lánaí breise.
2	Cineálacha bealaí	Cineál X – bealach uile-aimsire arna chothabháil go maith, ar féidir úsáid a bhaint as le linn na bliana ar fad ag an toilleadh uasta.	Is fearr Cineál X le haghaidh gluaiseacht mhíleata, óir go ginearálta ní dhéanann báisteach ná athruithe teochta difear do dhromchlaí uiscedhíonacha.

3	Ollmheáchain bóthair	130 t.	Ní thagraíonn 130 t do shaorchúrsaíocht feithiclí ag a bhfuil ollmheáchan 130 t. Tagraíonn an ceanglas dé-úsáide sin do chumas dromchlaí bóthair gluaiseachtaí nó iompar sócmhainní míleata róthrom a sheasamh ar bhonn ócáideach. Dá bhrí sin, leis an teorainn shibhialta de 44 t (mar a léirítear i dTreoir 96/53/CE ón gComhairle ([1])) ba cheart gluaiseachtaí ócáideacha sócmhainní iompair róthroma suas le 130 t a bhfuil ualach uasta 12.23 t/acastóir ar acastóir acu a cheadú. Le gluaiseachtaí ócáideacha den sórt sin (idir ghluaiseachtaí míleata agus sibhialta), is dócha go dteastaíonn ceadanna nó tarscaoileadh speisialta agus bearta maolaithe iomchuí, a chinneann na Ballstáit go heisceachtúil.
4	Ollmheáchan droichid	130 t.	Ní thagraíonn 130 t do shaorchúrsaíocht feithiclí ag a bhfuil ollmheáchan 130 t. Tagraíonn an ceanglas dé-úsáide sin do chumas droichead gluaiseachtaí nó iompar sócmhainní míleata róthrom a sheasamh ar bhonn ócáideach. Le gluaiseachtaí ócáideacha den sórt sin (idir ghluaiseachtaí míleata agus sibhialta), is dócha go dteastaíonn ceadanna nó tarscaoileadh speisialta agus bearta maolaithe iomchuí, a chinneann na Ballstáit go heisceachtúil. Beidh droichid in ann ollmheáchan 130 t a sheasamh le hualach uasta 12.23 t/acastóir ar acastóir (le Treoir 96/53/CE ceadaítear suas le 11.5 t/acastóir, seachas sa Fhrainc, áit arb é 13 t/acastóir an t-ualach ceadaithe). In imthosca ina bhfuil meáchan 130 t i bhfeithicil amháin, is gá a áirithiú go gcuirfear bearta maolaithe iomchuí i bhfeidhm, amhail luas agus fad ó fheithiclí eile, agus, más gá, go gcuirfear sreabhadh aonair tráchta i bhfeidhm agus úsáid á baint as droichid. Deartar droichid bhóthair sa chaoi is go mbeidh fad iomlán na ndroichead in ann feithiclí lánluchtaithe a sheasamh ar gach lána. Dá bhrí sin, más féidir le droichead trucailí iolracha a bhfuil meáchan 44 t iontu a sheasamh go comhuaineach, ba cheart dó a bheith in ann ollmheáchan iomlán 130 t a sheasamh ó am go ham, más rud é go n-áirithítear na bearta maolaithe iomchuí amhail luas, an fad idir feithiclí agus an fad idir acastóirí na bhfeithiclí.

5	Airde uasta lasta	4.5 m. Ní mór srianta ar tholláin a chur san áireamh agus bealaí á bpleanáil, go háirithe i gcás feithiclí gan ráillí, leantóirí agus earraí contúirteacha. Le cinneadh i ngach tír i gcás ina mbeidh feidhm ag 4.5 m agus ina mbeidh sé infheidhme.	Áirítear leis seo an teaglaim d'airde lasta deice na feithicle, móide airde an lasta agus glanspás sábháilteachta lastuas. Le Treoir 96/53/CE ceadaítear airde feithicle suas le 4 m. Tar éis cead iompair eisceachtúil a fháil, tá airde 4.5 m ceadaithe (airde iompair 4.35 m + 0.15 m le haghaidh crochta agus gluaiseachtaí feithicle).
6	Leithead uasta lasta	4.5 m.	Mar a léirítear i dTreoir 96/53/CE, is é 2.55 m an leithead uasta feithicle le haghaidh feithicil údaraithe. De ghnáth, teastaíonn 3.5 m ó fheithiclí rothacha agus 4.5 m ó fheithiclí rianaithe le haghaidh iompar míleata. Le gluaiseachtaí ócáideacha den sórt sin (idir ghluaiseachtaí míleata agus sibhialta), is dócha go dteastaíonn ceadanna nó tarscaoileadh speisialta agus bearta maolaithe iomchuí, a chinneann na Ballstáit go heisceachtúil.
7	Fad uasta lasta	Ó 18.75 m suas le 27.5 m	Is é 18.75 m an fad uasta feithicle, ar féidir síneadh suas le 25.03 m a chur leis i gcás ina gceadaítear é sin le forbairt bonneagair. Féadfar cead a thabhairt d'fheithiclí níos faide gluaiseacht má fhaigheann siad cead iompair eisceachtúil. De ghnáth, le haghaidh lasta ina bhfuil meáchan os cionn 130 t beidh gá le teaglaim de tharracóir le 8 mbonn agus 4 acastóir + leantóir le 8 n-acastóir. I bhformhór na gcásanna, is leor leathleantóir traidisiúnta le 8 n-acastóir chun críoch dé-úsáide. Mar sin féin, nuair a theastaíonn leantóir le leaba íseal ar chúiseanna praiticiúla (e.g. airde glanta droichid), is é a bheidh ann de riachtanas leathleantóir le 3 acastóir go 5 acastóir, atá thart ar 22.5 m ar fhad. Arna cheangal d'aonad tarracóra faoina bhfuil 8 mbonn agus 4 acastóir, beidh an fheithicil chomhcheangailte thart ar 27 m ar fhad ar an iomlán. Tá buntáistí ag baint le leantóirí le leaba íseal a úsáid chomh fada agus a bhaineann le droichid bhreise agus airde uasbhealaí a ghlanadh, toisc go ndáiltear ualaí ar acastóir de chuid feithiclí níos faide ar dhromchla níos mó, agus ar an mbealach sin laghdaítear an t-ualach a bhíonn ar phointí ar leith de dhroichid agus d'uasbhealaí. Glacann formhór na mBallstát cheana féin le feithiclí 27.5 m mar chuid de na ceadanna iompair eisceachtúla a eisíonn siad.
8	Ga casadh chun trealamh trom a iompar	Ó 12.5 m suas le 15.5 m. Le cinneadh i ngach Ballstát.	Is é an ceanglas atá i dTreoir 96/53/CE nach mór d'fheithiclí bóthair a bheith in ann casadh laistigh de gha seachtrach 12.5 m.

([1]) Treoir 96/53/CE ón gComhairle an 25 Iúil 1996 lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 235, 17.9.1996, lch. 59).

Tábla 5

Uiscebhealaí intíre

Uimh.	Ceanglas dé-úsáide	Luach dé-úsáide	Nóta
1	Loic	I gcomhréir le Caighdeáin 'Pháipéar Gorm' UNECE ([1])	
2	Doimhneacht	I gcomhréir le Caighdeáin 'Pháipéar Gorm' UNECE ([2])	
3	Beart	2	Líon na mbeart.
4	Acmhainneacht maidir le Díluchtú	2 bháirse go comhuaineach	
5	Glanspás droichid	3.5 m	I gcomhréir le Rialachán (AE) 1315/2013.

([1]) Fardal na bpríomhchaighdeán agus na bpríomhpharaiméadar i 'bPáipéar Gorm' ghréasán uiscebhealaí na hEorpa (ECE/TRANS/SC.3/144/Rev.3.), le Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip. Ba cheart an ceanglas dé-úsáide a léamh in éineacht leis an doiciméad sin.
([2]) Ibid.

Tábla 6

Trealamh ilmhódach láimhseála (bóthar, iarnród, muir agus uiscebhealaí intíre)

Uimh.	Ceanglas dé-úsáide	Luach dé-úsáide	Nóta
1	Nascadh le nód	Ag teastáil ag calafort/aerfort/uiscebhealach intíre/ceann ráille/príomhbhóithre i gcás inarb infheidhme, lena n-áirítear pointí luchtaithe ó dheic go deic thar mhodhanna iompair ilmhódaigh	
2	Rampaí lódála agus trealamh láimhseála/Toilleadh páirceála	Líon leordhóthanach rampaí lódála (feistithe) a bhfuil ar a gcumas tacú le lasta 100 t agus le feithiclí suas le 120 t lena n-áirítear Príomhthancanna Catha ag a bhfuil ualach uasta 12.23 t/acastóir (bóthar) ar acastóir agus ualach íosta 22.5 t/acastóir (iarnród) ar acastóir. Trealamh láimhseála chun nascadh le nóid ilmhódacha go háirithe (iarnród, aer, calafort (Lóló/Róró) agus uiscebhealaí intíre). Toilleadh páirceála ar féidir leis rothstoc agus lasta ginearálta a choinneáil go sealadach. Gníomhaíochtaí a bhaineann le bonneagar seasta chun tacú le gluaiseacht sócmhainní de bhóthar, d'iarnród, de mhuir agus d'uiscebhealaí intíre i saoráidí láimhseála trealaimh ilmhódaigh.	Oiriúnach le haghaidh coimeádáin lasta a chomhlíonann an sainmhíniú ar chaighdeán ISO 1496-1:2013 Sraith 1. Ba cheart do rampaí bóthair a bheith in ann déileáil le coimeádáin, trealamh trom agus lasta ginearálta. Ní áirítear foirgnimh, saoráidí stórála agus stórais, craenacha, iompróirí, ná gléasanna eile chun lasta a bhogadh, ná sócmhainní soghluaiste amhail innill fhéinghluaiste. Ní thabharfar buntáiste roghnaitheach d'oibreoir ar leith ná do ghrúpa ar leith oibreoirí le gníomhaíochtaí agus beidh siad inrochtana ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.

Tábla 7

An chibearshlándáil

Uimh.	Ceanglas dé-úsáide	Luach dé-úsáide	Nóta
1	An Chibearshlándáil	Trealamh, réitigh agus córais chibearshlándála a bhaineann go díreach le tograí tionscadail a bhfuil nasc acu le hathléimneacht an bhonneagair dé-úsáide, i gcás inarb iomchuí.	